

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2020


# An Misean atá againn

**Gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhé-anamh ar na caighdeáin sin.**

# CLÁR ÁBHAR

| | |
|---|---|
| Leathanach 4 | Ráiteas Tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach |
| Leathanach 6 | Misean agus Luachanna |
| Leathanach 7 | Bord an Údaráis |
| Leathanach 7 | An Fhoireann Ardbhainistíochta |
| Leathanach 8 | Rialachas Corparáideach |
| Leathanach 11 | An Plean Straitéiseach, 2019 go 2021 |
| Leathanach 13 | An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna |
| Leathanach 25 | Ár Ráitis Airgeadais |
| Leathanach 45 | Aguisíní |
| Leathanach 51 | Teagmháil |

# Ráiteas tosaigh ó Noel Lappin, an Cathaoirleach, agus ó Paul Scallan, an Príomhfheidhmeannach



An tUasal Noel Lappin



An tUasal Paul Scallan

Tá ríméad orainn tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Údaráis Slándála Príobháidí don bhliain 2020. Cosúil le cuid mhór earnálacha ar fud na sochaí, tháinig dúshláin shuntasacha roimh an tionscal slándála an bhliain seo caite. Mar rialálaí acu, rinneamar ár seacht ndícheall tacú lenár sealbhóirí ceadúnais agus rinneamar tathant ar an Aire agus ar a Roinn thar ceann an tionscail slándála. Bhí díomá orainn nár glacadh leis na moltaí uainn an táille ceadúnais a laghdú ná an téarma ceadúnais a fhadú. Sa bhliain 2021, leanfaimid le dul sa tóir ar bhealaí inar féidir linn cúnamh a thabhairt dár sealbhóirí ceadúnais.

Tá tiomantas láidir againn go fóill tionscal slándála atá gairmiúil agus dea-rialáilte a fhorbairt. Agus beagnach 42,000 ceann de cheadúnais conraitheoirí agus de cheadúnais fostaithe i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana 2020, imríonn an tionscal ról tábhachtach maidir le sábháilteacht agus cosaint ár sochaí. Nuair a bhíonn dea-rialáil ar bun, cothaítear muinín an phobail as an tionscal agus cabhraítear le deiseanna nua a chruthú dóibh sin a oibríonn san earnáil. Leanfaimid orainn ag obair i gcomhpháirt le fostóirí agus fostaithe chun cur chun cinn a dhéanamh ar an dóigh a dtéann an rialáil chun tairbhe don tsochaí.

Cosúil le formhór na gcomhlachtaí, bhí dúshláin uathúla le sárú againn an bhliain seo caite. Chuireamar ceadúnú daoine aonair san earnáil Slándála Imeachtaí ar atráth agus chuir an dianghlasáil moill ar an obair a bhí ar siúl chun ceadúnú a chur ar aghaidh i réimsí eile. Ag an am céanna, chuir an phaindéimisteach go mór ar an gcumas a bhí againn dul i dteagmháil le ceadúnaithe agus tabhairt faoi ghníomhaíocht comhlíonta.

Fágann an mhoill ar phríomhthionscadail a chur ar aghaidh le linn na bliana 2020 go mbeidh sé deacair anois gnéithe tábhachtacha den Phlean Straitéiseach a chur i gcrích. Cé go bhfuil muinín againn go fóill gur féidir linn dul chun cinn suntasach a dhéanamh le linn na bliana 2021, glacaimid leis go bhfágfar gnéithe dár sainordú gan chríochnú nuair a thiocfaidh tréimhse feidhme an Phlean Straitéisigh chun deiridh i mí na Samhna 2021.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do thiomantas na ngeallsealbhóirí uile a bhí i dteagmháil linn le linn na bliana agus don tacaíocht a fuaireamar uathu. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis an Aire Dlí agus Cirt agus lena Roinn, leis an nGarda Síochána agus le comhlachtaí eile Rialtais. Bíonn an tacaíocht a fhaighimid uathu ina gné ríthábhachtach taobh thiar dár rath leanúnach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an mBord as an gceannaireacht a sholáthair sé, lenár mbaill foirne as an dúthracht agus an tiomantas a thaispeáin siad in imthosca thar a bheith deacair agus le gach duine a d'oibrigh linn chun cabhrú linn ár gcuspóirí a bhaint amach le linn na bliana.

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2020

| Earnáil | Daoine Aonair | Conraitheoirí | Láimhdeachas (€) |
|---|---|---|---|
| **Maoirseoirí Dorais (Slándáil Imeachtaí)** | N/A | 36 | 1,799,000 |
| **Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)** | 11,966 | 48 | 12,807,000 |
| **Glasadóirí** | N/A | 224 | 22,385,000 |
| **Imscrúdaitheoirí Príobháideacha** | N/A | 107 | 14,250,000 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán ar Aláraim)*** | 673 | 36 | 50,706,000 |
| **Gardaí Slándála (Faireachán ar TCI)** | N/A | 31 | 17,840,000 |
| **Gardaí Slándála (Slándáil Imeachtaí)** | N/A | 49 | 3,648,000 |
| **Gardaí Slándála (Socair)** | 26,390 | 184 | 400,967,000 |
| **An Earnáil Slándála Leictreonaí[1]** | N/A | 1,041 | 264,496,000 |
| **Airgead Tirim faoi Bhealach** | 1,105 | 4 | 70,025,000 |
| **Iomlán ** ** | **40,134** | **1,760** | **858,923,000*** ** |

** San fhigiúr do dhaoine aonair, cuirtear Faireachán ar Aláram agus Faireachán ar TCI ar áireamh toisc go gclúdaítear an dá chatagóir leis an aon cheadúnas amháin.*

*** Is mó an líon ceadúnas a eisíodh ná an líon daoine aonair agus conraitheoirí atá ceadúnaithe toisc go bhfuil ceadúnais i níos mó ná earnáil amháin ag roinnt sealbhóirí ceadúnais*

****Tá láimhdeachas bunaithe ar fhigiúirí a sholáthair conraitheoirí in éineacht leis an iarratas uathu agus baineann sé lena dtréimhse chuntasaíochta roimhe.*

[1] Ba cheart Suiteálaithe Rialaithe Rochtana, TCI agus Córas Aláraim Ionraidh a chur ar áireamh sa tagairt do na hearnálacha Slándála Leictreonaí sa Tuarascáil seo.

# Misean agus Luachanna

Ar mhaithe leis an sainordú atá againn an pobal a chosaint agus caighdeáin a fheabhsú laistigh den tionscal slándála príobháidí, táimid tiomanta don mhisean agus do na luachanna seo a leanas.

> Is é atá i gceist lenár Misean ná gníomhaíochtaí na ndaoine a oibríonn sa tionscal slándála príobháidí a rialáil chun a chinntiú go ndéanfar leasanna tomhaltóirí a chosaint ina n-iomláine trí chaighdeáin chuí a bhunú agus a chur chun cinn agus trí fhaireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na caighdeáin sin.

**Is é i gceist** lenár bhFís fós ná go gcosnófar leasanna tomhaltóirí le tionscal atá rialáilte agus a bhfuil ardchaighdeáin feidhmíochta agus saineolais ar bun aige. Cloífear leis an bhfís sin trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar gach soláthraí ceadúnaithe agus trí ghníomh spriocdhírithe a dhéanamh in aghaidh daoine a sháraíonn na caighdeáin atá i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm againn tionscal a bheith againn;

- Ina mbunathraítear an tionscal chun feabhais a bhuí leis an bhforfheidhmiú láidir a dhéantar ann.
- Ina bhfuil leibhéil fheabhsaithe Oiliúna agus Oideachais.
- Ina laghdaítear an choiriúlacht.
- Ina gcuirtear ceadúnú i bhfeidhm ina iomláine sna réimsí sin nach bhfuil ceadúnaithe go fóill.

agus tá sé mar aidhm againn Údarás Slándála Príobháidí a bheith againn;

- A bhfuil dóthain acmhainní aige chun seirbhísí a sholáthar.
- A sholáthraíonn seirbhísí ar bhealach níos fearr.

**Áirítear na nithe seo** lenár luachanna, a gcloífimid leo le linn dúinn ár ngnó a dhéanamh:

- Obair i gcomhpháirt lenár dTionscal agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun creat rialála a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe do shealbhóirí ceadúnais agus don phobal i gcoitinne.
- Sársheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil do shealbhóirí reatha ceadúnais, d'iarratasóirí nua ar cheadúnas agus do thomhaltóirí de chuid seirbhísí slándála príobháidí.
- Costais a laghdú.
- Ár ngnó a sheoladh ar bhealach trédhearcach, cothrom agus comhréireach.
- A bheith inár bhfostóir eiseamláireach trí thimpeallacht a chruthú ina mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag ár mbaill foirne agus ina bhforbróidh siad na scileanna a theastaíonn uathu chun feidhmiú de réir a lánchumais agus a lánacmhainne.
- Dlúthchaidreamh oibre a chothabháil le comhlachtaí/eagraíochtaí eile a dtéann sainchúram an Údaráis i bhfeidhm go díreach ar a gcuid gnó nó oibre.
- Timpeallacht níos sábháilte a sholáthar don phobal i gcoitinne trína chinntiú go gcuirtear deireadh leis an acmhainneacht atá ann tabhairt faoin gcoiriúlacht laistigh dár dtionscal.

# Bord an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Alan Durnan** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **John Garry** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt |
| **Sean Heading** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **Eilish McCormack** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Richard O'Farrell** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |
| **David Smith** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **Paul Scallan** | Príomhfheidhmeannach |
| **Peter O'Dwyer** | Príomh-Chigire |
| **Lisa Kelly** | Ceann um Cheadúnú |
| **Siobhan Cleary** | Ceann um Cháilíochtaí agus Caighdeáin |
| **Joe Duggan** | Ceann Gnóthaí Corparáideacha |

# Rialachas Corparáideach

Tá an Bord agus an Príomhfheidhmeannach tiomanta dá chinntiú go ngníomhaíonn an tÚdarás de réir an dea-chleachtais chorparáidigh i gcónaí. Féachaimid le cultúr dearfach iompraíochta eiticiúla agus rialachais eiticiúil a chothú agus rialáil á déanamh againn. Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás bunaithe orthu seo a leanas:

- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí.
- An Cód Iompair do Chomhaltaí Boird ó Bhord an Údaráis.
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí/Nósanna Imeachta Soláthair Phoiblí.
- An Comhaontú Formhaoirseachta idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an tÚdarás.

Mar aon leis an méid thuas, comhlíonann an tÚdarás gach treoir ilghnéitheach eile ar nithe rialachais chorparáidigh arna n-eisiúint ag an Roinn thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nó thar ceann Ranna Rialtais eile ó am go chéile. Ar an mbealach sin, cinntíonn sé go bhfuil struchtúir agus próisis chuí i bhfeidhm chun an leibhéal is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann na comhaltaí den Bhord agus baill foirne a shealbhaíonn poist ainmnithe san Údarás forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus forálacha an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Tugaimid spreagadh d'aon chomhaltaí den Bhord, d'aon bhaill foirne agus d'aon daoine eile a bhfuil ábhair imní acu faoin dóigh a gcuirimid ár gcuid gnó i gcrích leas a bhaint as na rialacháin maidir le nochtadh cosanta agus as na rialacháin maidir le calaois a chomhrac, de réir mar is cuí.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid an Bhoird athbhreithniú agus measúnú ar oibríochtaí airgeadais an Údaráis. Tá an tÚdarás faoi réir iniúchadh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freisin. Faigheann an Príómhfheidhmeannach tacaíocht ó Fhoireann Iniúchóireachta an Údaráis chomh maith. Rinne an tÚdarás Iniúchadh Inmheánach Cosanta Sonraí agus chuir sé Plean Leanúnachais Gnó nua i bhfeidhm sa bhliain 2020 freisin.

Cuirtear soláthar i gcrích de réir Treoirlínte Soláthair Phoiblí i gcomhairle leis an nGrúpa Straitéise Soláthair sa Roinn Dlí agus Cirt, de réir mar is gá, agus de réir beartas arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Bhord as comhlíonadh a dhualgas agus as cibé faisnéis i ndáil le comhlíonadh na ndualgas sin atá forordaithe le reachtaíocht a thabhairt dó. Soláthraíonn an Príomhfheidhmeannach raon doiciméad éagsúil don Bhord ag gach cruinniú, lena n-áirítear tuarascáil bainistíochta riosca, ráiteas airgeadais, an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn ar an bPlean Straitéiseach agus ar an bPlean Gnó agus ar a gcur chun feidhme, agus tuarascáil ar chur chun feidhme na mbreitheanna ón mBord.

Le linn na bliana 2020, thug an Bord aird ar leith ar an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar chomhlíonadh ár sainordaithe agus ar an difear a rinne an dianghlasáil don tionscal slándála.

Tháinig Bord an Údaráis le chéile cúig huaire sa bhliain 2020. Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla ar an gcéad leathanach eile:

| AINM | 27/01/20 | 25/05/20 | 20/07/20 | 14/09/20 | 30/11/20 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Noel Lappin**** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Padraic Cafferty ***** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **Alan Durnan* ** ***** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **John Garry*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| **Sean Heading ***** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **Geraldine Kelly*** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Eilish McCormack** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **Richard O'Farrell* ** ***** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **David Smith** | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Christy Walters ***** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |

** Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.*

*** Comhaltaí den Choiste Acmhainní/Straitéise*

**** Comhaltaí den Choiste Deimhniúcháin*

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2020. Áiríodh na nithe seo a leanas le gníomhaíochtaí an choiste, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Bualadh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Bualadh leis an gCuntasóir Conraithe don Údarás.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ón Roinn Dlí agus Cirt don bhliain 2019 agus ar an Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste don bhliain 2019.
- Na Ráitis Airgeadais don bhliain 2019 a athbhreithniú.
- Na Ráitis Dearbhaithe don bhliain 2019 a athbhreithniú.
- An Córas Rialaithe Inmheánaigh agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2019 a athbhreithniú.
- Plean Gníomhaíochta Rioscaí agus Clár Rioscaí an Údaráis a athbhreithniú.

Thug an Coiste tuairisc ar a chuid gníomhaíochtaí ag gach cruinniú Boird.

Tháinig an Coiste Straitéise le chéile i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na paindéime ar an bPlean Straitéiseach. Ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna, bhunaigh an Bord coiste chun scrúdú a dhéanamh ar an tsamhail deimhniúcháin le haghaidh ceadúnú conraitheoirí. Thionóil an coiste an chéad chruinniú dá chuid i mí Eanáir 2021.

Tá rochtain ag comhaltaí den Bhord ar Fhóram Rialachais an Fhorais Riaracháin agus ghlac siad páirt i roinnt imeachtaí agus cúrsaí oiliúna le linn na bliana.

# Sracfhéachaint ar an mBliain 2020

Bhí **1,434**
Chonraitheoir Ceadúnaithe
Ag Deireadh na Bliana
(2019: 1,403)

Bhí **31,104**
Dhuine Aonair Ceadúnaithe
Ag Deireadh na Bliana
(2019: 32,528)

Cúlghaireadh
31 Cheadúnas
(2019: 26)

Seoladh Tairseach
Oiliúna do
Sholáthraithe Oiliúna

**€2,746,886**
Ioncam ó Tháillí
(2019: €3,381,078)[1]

Seoladh **687**
gCás Forfheidhmiúcháin
(2019: 847)

Próiseáladh **12,062**
Iarratas
(2019: 14,775)[1]

**52** Bhall Foirne
(2019: 50)

---

[1] Léirítear sa laghdú i dtáillí agus in iarratais sa bhliain 2020 cineál timthriallach na gceadúnas dhá bhliain agus trí bliana.

# An Plean Straitéiseach, 2019 go 2021

Seoladh an ceathrú Plean Straitéiseach uainn i mí na Samhna 2018, rud lena gcumhdaítear an tréimhse 2019 go 2021. Is é an aidhm atá leis an bPlean;

- ár sainordú ceadúnúcháin a chomhlíonadh.
- feabhas a chur ar leibhéil ghairmiúlachta inár dtionscal.
- cosaint a thabhairt do thomhaltóirí agus don phobal.
- ár gcaidreamh lenár sealbhóirí ceadúnais a chothú.

Soláthraíodh leis an bPlean Straitéiseach an creat ar faoina bhun a d'oibríomar le linn na bliana 2020. Agus an Plean á úsáid againn, d'fhorbraíomar Plean Gnó don bhliain, rud lenar soláthraíodh an sásra le haghaidh ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. **Is iad seo a leanas na príomhspriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach:**

**Sprioc 1: Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.**

**Sprioc 2: A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin cheadúnúcháin.**

**Sprioc 3: Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.**

**Sprioc 4: Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.**

**Sprioc 5: Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht.**

## Sracfhéachaint ar an mBliain 2020

| | |
|---|---|
| **Sprioc 1:** | **Ceadúnas sealadach Gardála Slándála a eisiúint mar fhreagairt don phaindéim** |
| **Sprioc 2:** | **Conraitheoir a ionchúiseamh i leith oibriú gan cheadúnas** |
| **Sprioc 3:** | **Treoirlínte Iniúchóireachta a Fhorbairt chun iniúchtaí cianda a éascú** |
| **Sprioc 4:** | **Na Treoirlínte uainn maidir le Paindéim Covid-19 a Chur in Iúl dár dTionscal** |
| **Sprioc 5:** | **Infheistiú sa Chianobair agus i bhFolláine Foirne** |









# An Dul Chun Cinn a Rinneadh ar ár Spriocanna

## Sprioc 1:

### Rialáil an Tionscail Slándála Príobháidí a chur i gcrích.

Cuireadh pleananna le haghaidh ceadúnú a leathnú chuig fostaithe san earnáil Slándála Imeachtaí ar an méar fhada tar éis thús na dianghlasála náisiúnta i mí an Mhárta. Fógrófar dáta nua ceadúnúcháin nuair a bheidh an amlíne le haghaidh an tionscal siamsaíochta a athoscailt ar eolas. Ní raibh aon athrú ann ar an líon earnálacha a bhí á rialáil, agus é cothrom le 12 cheann do chonraitheoirí agus le ceithre cinn d'fhostaithe.

## Ceadúnú Gnólachtaí

I bhfianaise dianghlasáil deighleog mór den tionscal slándála de bharr na paindéime, bheifí ag súil leis go mbeadh laghdú ann ar an líon ceadúnas conraitheoirí. Ní mar sin a bhí. Mhéadaigh an líon conraitheoirí a raibh ceadúnas acu ó 1,403 dhuine i dtús na bliana go 1,434 dhuine ag an 31 Nollaig 2020. Is fianaise é sin ar an muinín atá ag an tionscal slándála príobháidí as na hionchais ghnó agus fostaíochta a bheidh aige tar éis na paindéime.

Bhí 1,760 ceadúnas i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana, suas ó 1,729 gcinn ag deireadh na bliana 2019. Is féidir an difríocht idir an líon ceadúnas a bhí i gcúrsaíocht agus an líon conraitheoirí a bhí ceadúnaithe a chur síos do cheadúnais a bheith ag conraitheoirí in earnálacha éagsúla.

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ) | 43 | 39 | 38 | 36 |
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (ÁITRIBH CHEADÚNAITHE) | 49 | 52 | 48 | 48 |
| GLASADÓIRÍ | 162 | 187 | 220 | 224 |
| IMSCRÚDAITHEOIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA | 110 | 115 | 108 | 107 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR ALÁRAIM) | 36 | 34 | 34 | 36 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (FAIREACHÁN AR TCI) | 29 | 28 | 29 | 31 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SLÁNDÁIL IMEACHTAÍ) | 49 | 46 | 47 | 49 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SOCAIR) | 192 | 190 | 184 | 184 |
| SUITEÁLAITHE SLÁNDÁLA LEICTREONAÍ | 930 | 973 | 1,017 | 1,041 |
| AIRGEAD TIRIM FAOI BHEALACH | 6 | 5 | 4 | 4 |
| IOMLÁN | **1,606** | **1,669** | **1,729** | **1,760** |

**Tábla 1 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2017 agus an bhliain 2020**

Bhí an líon athnuachaintí fós láidir beag beann ar an bpaindéim, agus ceadúnas á athnuachan ag 93% de na conraitheoirí a raibh an méid sin le déanamh acu. D'imir an plean tráthchoda a thugamar isteach do chonraitheoirí mar thoradh ar an bpaindéim ról tábhachtach maidir leis an ráta athnuachana a choinneáil seasta. De réir mar a chuaigh an bhliain thart, áfach, thosaigh líon méadaitheach conraitheoirí a ndátaí íoctha a chailleadh agus bhí 16 chonraitheoir chun deiridh lena n-íocaíochtaí faoi dheireadh na bliana. Beidh sé sin ina réimse imní sa bhliain 2021, agus tá baol ann go gcaillfidh roinnt conraitheoirí a gceadúnas dá bharr sin. Leanfaimid le tacaíocht a thabhairt do na conraitheoirí sin a dhéanann iarracht cloí lena socruithe tráthchoda.

Is sna hearnálacha Slándála Leictreonaí a oibríonn beagnach 60% de na conraitheoirí uile, rud a chuimsíonn Rialú Rochtana, TCI agus Aláraim Ionraidh. Is iad Glasadóirí an dara grúpa is mó (13%). Agus iad freagrach as 10% de na ceadúnais uile, is iad Gardaí Slándála (Socair) an chéad ghrúpa is mó eile.





**Figure 1: Overview of Contractor licences by sector**

Fuarthas 683 iarratas ar cheadúnas conraitheoirí sa bhliain, rud a bhí cothrom le laghdú 180 iarratas ar na 863 cinn a fuarthas sa bhliain 2019. Is féidir an laghdú a chur síos don timthriall ceadúnais dhá bhliain, agus líon níos ísle ceadúnas le hathnuachan sa bhliain 2020. Ba ó iarratasóirí céaduaire ar cheadúnas a fuarthas 116 cinn de na hiarratais, síos ó 68 gcinn sa bhliain 2019. Is dóigh go raibh an éiginnteacht a bhí ann laistigh den tionscal de bharr phaindéim Covid-19 ar an gcúis is mó leis an laghdú. Fuarthas cúig iarratas eile ar earnáil/earnálacha a chur le ceadúnas a bhí ann cheana.

## Athnuachaintí Ceadúnais

De na 595 chonraitheoir a raibh a gceadúnas le hathnuachan acu le linn na bliana, rinne 553 dhuine amhlaidh faoi dheireadh na bliana. Tháinig méadú beag ar an ráta neamh-athnuachana, ó 6% sa bhliain 2019 go 7% sa bhliain 2020.

## Iarratais ar Diúltaíodh Dóibh

Diúltaíodh d'ocht gcinn de na 683 iarratas a fuarthas le linn na bliana. Taisceadh sé cinn díobh sin mar iarratais bhailí ina dhiaidh sin. Diúltaíodh d'ocht n-iarratas toisc gur mhainnigh an t-iarratasóir na ceanglais cheadúnúcháin a chomhlíonadh. Sa bhliain 2020, rinne 2 chonraitheoir achomharc chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach in aghaidh breitheanna a thug an tÚdarás.

Tharraing 2 chonraitheoir an t-iarratas uathu siar sular thug an tÚdarás cinneadh deiridh orthu. I bhformhór na gcásanna, is chun aisíocaíocht na táille ceadúnais a fháil a tharraingíonn conraitheoirí an t-iarratas uathu siar roimh bhreith diúltaithe.

# An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach

Taisceadh dhá achomharc leis an mBord Achomhairc le linn na bliana 2020. Sheas an Bord Achomhairc leis an mbreith ón Údarás i gcás amháin agus thug an t-achomharcóir an t-achomharc siar sa chás eile. Ní raibh aon chásanna ar feitheamh breithe ag deireadh na bliana 2020.

# Ceadúnais Shealadacha

Eisítear ceadúnais shealadacha chuig conraitheoirí nua sna réimsí TCI agus Aláram Ionraidh den earnáil Slándála Leictreonaí ionas gur féidir le conraitheoirí córais a shuiteáil ar mhaithe leis na caighdeáin a cheanglaítear chun críocha ceadúnúcháin a ghnóthú. Bhí 51 cheadúnas shealadacha i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana. B'ionann é sin agus méadú ceithre cheadúnas ar an líon a bhí i gcúrsaíocht ag deireadh na bliana roimhe sin.

# Táillí Ceadúnais


Fuarthas €1,353,548 ó tháillí ceadúnais conraitheoirí sa bhliain 2020, i gcomparáid le €1,429,237 sa bhliain 2019 agus le €1,392,483 sa bhliain 2018 (arb í an bhliain inchomparáide sa timthriall ceadúnais dhá bhliain í).

| Bliain | Láimhdeachas |
|---|---|
| 2017 | €710,155,000 |
| 2018 | €751,123,050 |
| 2019 | €781,555,000 |
| 2020 | €858,923,000 |

**Tábla 2 An Láimhdeachas Conraitheoirí a taifeadadh in iarratais ar cheadúnais idir an bhliain 2017 agus an bhliain 2020**

Léirítear i dTábla 2 thuas fás leanúnach an tionscail slándála le blianta beaga anuas. Ós rud é go bhfuil na figiúirí láimhdeachais 12 mhí d'aois ar a laghad i bhformhór na gcásanna, níor taifeadadh tionchar iomlán na paindéime go fóill. Bhí laghdú géar ann ar láimhdeachas sna hearnálacha Maoirseoirí Dorais agus Slándála Imeachtaí, áfach. Thaifead gach earnáil eile méadú ar láimhdeachas le linn na bliana.






**Fíor 2 Forbhreathnú ar láimhdeachas conraitheoirí de réir earnála sa bhliain 2020**

## Ceadúnú Fostaithe

Bhí 31,104 shealbhóir ceadúnais daoine aonair ann ag deireadh mhí na Nollag, rud a bhí cothrom le laghdú 1,354 cheadúnas ar an bhfigiúr don bhliain 2019. Thit an líon ceadúnas earnála ó 42,555 cinn go 40,134 cinn, rud a bhí cothrom le laghdú 2,421 cheadúnas. Bhí an earnáil Maoirseoirí Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) freagrach as breis agus 1,700 ceadúnas a cailleadh.

| | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| MAOIRSEOIRÍ DORAIS (ÁITRIBH CHEAD-ÚNAITHE) | 11,653 | 14,231 | 13,759 | 11,966 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (SOCAIR) | 23,860 | 27,902 | 26,921 | 26,390 |
| GARDAÍ SLÁNDÁLA (LÁRIONAID FAIREACHÁIN) | n/a | 351 | 583 | 673 |
| AIRGEAD TIRIM FAOI BHEALACH | 1,034 | 1,227 | 1,292 | 1,105 |
| IOMLÁN | **36,547** | **43,711** | **42,555** | **40,134** |

**Tábla 3 Comparáid idir an Líon Ceadúnas a Eisíodh le haghaidh gach earnála idir an bhliain 2017 agus an bhliain 2020**

Is soiléire tionchar na paindéime san earnáil Maoirseoirí Dorais agus, ar bhonn níos lú, san earnáil Airgid Thirim faoi Bhealach ná in aon earnáil eile. Roimh theacht phaindéim Covid-19, bhíomar ag súil leis go mbeadh laghdú mór ann ar an líon Gardaí Slándála (Socair). B'amhlaidh gur tháinig méadú ar an éileamh ar sheirbhísí gardála slándála mar thoradh ar an bpaindéim, áfach.

Roimh theacht chun cinn ghéarchéim Covid-19, bhíomar chun fostaithe san earnáil Slándála Imeachtaí a cheadúnú ó mhí an Mhárta 2020 i leith. D'fhorbraíomar saoráid ceadúnais shealadaigh mar chuid den chóras ceadúnúcháin don earnáil. Fuarthas 110 n-iarratas tríd an tsaoráid sin agus bhí ceadúnais réidh lena n-eisiúint tráth a chuireamar ceadúnú na hearnála ar atráth mar thoradh ar an bpaindéim. Roghnaigh 45 dhuine de na hiarratasóirí an ceadúnas uathu a tharraingt siar agus aisíocaíocht a fháil. Chinn na 65 dhuine eile fanacht leis an dáta nua ceadúnúcháin.

Bhaineamar úsáid as an tsaoráid ceadúnais shealadaigh chun tacú leis an earnáil freastal ar an éileamh ar sheirbhísí gardála le linn srianta Covid-19 a bheith i bhfeidhm. Phróiseálamar breis agus 300 iarratas, agus ceadúnais á n-eisiúint i leith 198 gcinn díobh. Ba é an phríomhchúis nár eisíodh ceadúnais i leith na n-iarratas eile ná an mhainneachtain próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur i gcrích.

## Táillí Ceadúnais

B'ionann luach na dtáillí ceadúnais daoine aonair don bhliain agus €1,393,338, i gcomparáid le €1,951,841 sa bhliain 2019 agus le €1,124,893 sa bhliain 2018. B'ionann na táillí a fuarthas sa bhliain inchomparáide is déanaí sa timthriall ceadúnais trí bliana – is é sin, 2017 – agus €1,831,547. Is féidir an laghdú géar ar ioncam i gcomparáid leis an mbliain 2017 a chur síos don phaindéim, ar dá barr a bhí laghdú géar ann ar an líon ceadúnas Maoirseoirí Dorais agus a bhí laghdú ann ar an líon iarratas céaduaire.

## Iarratais ar Cheadúnais

Fuaireamar 11,379 n-iarratas ar cheadúnais daoine aonair le linn na bliana. Áiríodh leo sin 6,150 athnuachan agus 4,176 iarratas chéaduaire. Áiríodh leo freisin 1,053 iarratas eile (9%) ar diúltaíodh dóibh ar roinnt cúiseanna éagsúla, lenar áiríodh doiciméid tacaíochta neamhdhóthanacha a sholáthar, gan doiciméid a chomhlánú i gceart agus gan íocaíocht a dhéanamh. Ina lán cásanna, déantar iarratais ar diúltaíodh dóibh a ataisceadh ina dhiaidh sin mar iarratais bhailí.

Rinneamar dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas ar an líon diúltuithe a laghdú, ó 17% sa bhliain 2016 go 9% an bhliain seo caite. Baineadh é sin amach a bhuí leis an aistriú ó iarratais pháipéarbhunaithe go hiarratais ar líne, agus tá súil againn leanúint leis an dul chun cinn sin.

## Diúltuithe agus Achomhairc

Dhiúltaíomar do 98 n-iarratas sa bhliain 2020, suas ó 60 cinn sa bhliain 2019. B'ionann é sin agus méadú 61%. Ba iad na príomhchúiseanna ar diúltaíodh d'iarratais ná go raibh mainneachtain ann páirt a ghlacadh i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána nó gur nochtadh ciontuithe le linn phróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Sa bhliain 2020, rinneadh 13 achomharc chun an Bhoird Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach in aghaidh breitheanna uainn. Bhí seacht n-achomharc eile ón mbliain 2019 fós idir lámha. Faoi dheireadh na bliana, thug an Bord Achomhairc breithiúnas ar 16 achomharc. Sheas sé leis an mbreith uainn i 13 chás agus chuir sé an bhreith uainn ar ceal i dtrí chás. Tarraingíodh trí achomharc siar, a d'fhág go raibh achomharc amháin idir lámha ag deireadh na bliana 2020.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Déantar gach iarratasóir ar cheadúnas a ghrinnfhiosrú trí Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus measúnaítear na torthaí air sin in aghaidh na dTreoirlínte uainn maidir le Daoine Cuí Oiriúnacha. Le linn na bliana 2020, bhogamar ó thimthriall grinnfhiosrúcháin cúig bliana go timthriall trí bliana. Mar thoradh air sin, déantar gach sealbhóir ceadúnais a ghrinnfhiosrú uair amháin ar a laghad gach trí bliana.

# Sprioc 2:

## A chinntiú go gcomhlíonann ár dtionscal na rialacháin chead-únúcháin.

Leathnaíomar ár gcigireacht i dtús na bliana, agus é i gceist againn ár ngníomhaíocht comhlíonta a mhéadú ar fud na tíre. Bhí diantionchar ag teacht shrianta Covid-19 ar ár n-obair comhlíonta agus scoireadh de gach cigireacht aghaidh ar aghaidh i mí an Mhárta. Thosaigh ár gcigirí ar chigireachtaí cianda a dhéanamh ar chonraitheoirí agus tugadh faoi obair faireachais i gcás inar tugadh le fios i dtuairiscí faisnéise gurbh fhéidir go raibh gníomhaíocht neamhcheadúnaithe ar siúl.


Fuaireamar 385 thuairisc faisnéise le linn na bliana, i gcomparáid le 437 gcinn sa bhliain 2019. Déanann ár bhfoireann comhlíonta measúnú ar gach tuairisc agus roghnaíonn sí iad le haghaidh gníomh a dhéanamh ina leith, de réir mar is cuí.

Ba ar chúiseanna éagsúla nár imscrúdaíodh 155 cinn de na cásanna a fuarthas. Ba iad na cúiseanna is coitianta díobh ná gur imscrúdaíodh iad roimhe sin, nár leor an fhaisnéis a fuarthas nó go raibh an conraitheoir ceadúnaithe cheana féin. I gcás nach n-imscrúdaímid tuairiscí faisnéise, coinnítear an fhaisnéis. Má fhaightear tuilleadh tuairiscí ar an aon ní amháin, athbhreithnítear iad chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart imscrúdú a thosú. Bhí an 230 tuairisc faisnéise eile ina gcuid de na 687 gcás forfheidhmiúcháin a osclaíodh le linn na bliana.

Cuireadh 570 ceann de na 687 gcás forfheidhmiúcháin sa bhliain 2020 i gcrích faoi dheireadh na bliana. I 407 gcinn de na cásanna sin (71%), shainaithníomar bealach éigin nár comhlíonadh na ceanglais cheadúnúcháin ann. Cé go raibh an chuid is mó díobh ina mionsáruithe agus nach ndearnadh aon ghníomh eile tar éis an sárú a réiteach, bhí údar ann le cineál éigin smachtbhanna i 74 chás (13%). Áiríodh leis na gníomhartha sin ceadúnas a chúlghairm nó diúltú d'iarratas ar thaobh amháin den scála agus fógra comhairle a eisiúint ar an taobh eile.

Thionscnaíomar ionchúiseamh amháin de bhun imscrúdú ina bhfuarthas amach go raibh conraitheoir neamhcheadúnaithe slándála ag soláthar seirbhís gardála slándála i mBéal na mBuillí, Co. Ros Comáin i mí na Nollag 2018. Gearradh fíneáil €500 ar an gcuideachta a bhí i gceist – GS Agencies Ltd, atá lonnaithe i bPort an Dúnáin, Co. Ard Mhacha – i leith gach ceann de na sé shárú ar an Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Dámhadh costais €7,500 in aghaidh na cuideachta.






**Fíor 3 Forbhreathnú ar chásanna forfheidhmiúcháin de réir earnála sa bhliain 2020**

Le linn na bliana 2020, aistríodh ó chomhlachtaí seachtracha deimhniúcháin chuig ár gcigirí féin an fhreagracht as iniúchtaí PSA 31:2019, an caighdeán le haghaidh iontrálaithe nua sna hearnálacha Maoirseoirí Dorais, Slándála Imeachtaí agus Gardála Slándála. Bhí sé sin ar an gcéad chéim den phróiseas deimhniúcháin a thabhairt faoi rialú díreach an Údaráis.

## Ceannaitheoirí Slándála

Sa bhliain 2020, thosaíomar 198 n-imscrúdú ar cheannaitheoirí slándála chun a chinntiú go raibh ceanglais cheadúnúcháin á gcomhlíonadh. Gné an-tábhachtach dár n-obair comhlíonta is ea a chinntiú nach bhfostaíonn ceannaitheoirí seirbhísí slándála ach conraitheoirí slándála príobháidí agus daoine aonair atá ceadúnaithe. Cé gur aimsíodh go raibh na rialacháin cheadúnúcháin á gcomhlíonadh ag 91% de cheannaitheoirí, tharla sé sna 18 gcás eile gur fhoirceann na ceannaitheoirí an conradh lena soláthraí agus gur aistrigh siad chuig soláthraí ceadúnaithe.

## Comhlíonadh Daoine Aonair

Sa bhliain 2020, rinneadh 115 chigireacht neamhfhógartha comhlíonta ar áitribh cheadúnaithe, ar asraonta miondíola agus ar raon gnólachtaí eile ar fud na tíre. Ba é an aidhm a bhí leis na cigireachtaí ná a chinntiú gur ceadúnaithe atá na daoine sin a fhostaítear chun seirbhísí slándála a sholáthar agus go gcomhlíonann siad an ceanglas le suaitheantais aitheantais a chaitheamh. Ar na daoine ar thángthas orthu, aimsíodh go raibh 99% díobh ceadúnaithe agus ag caitheamh a suaitheantais aitheantais.

# Gníomhartha Comhlíonta

Faoinár reachtaíocht, féadfaimid raon gníomhartha comhlíonta a dhéanamh in aghaidh sealbhóirí ceadúnais a sháraíonn na rialacháin cheadúnúcháin, lena n-áirítear ionchúiseamh, an ceadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí agus fógra forfheidhmiúcháin a eisiúint.

Mar a bhí luaite cheana féin, ionchúisíodh conraitheoir amháin agus cúlghaireadh an ceadúnas a bhí ag 7 gconraitheoir agus ag 24 fhostaí sa bhliain 2020. Cuireadh an ceadúnas a bhí ag seisear fostaithe ar fionraí ar feadh tréimhse agus eisíodh 28 bhfógra forfheidhmiúcháin eile in aghaidh sealbhóirí ceadúnais.

Scrúdaíomar 16 ghearán faoi alt 39 den Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí le linn na bliana, i dteannta an dá cheann a tugadh anonn ón mbliain 2019. Foráiltear le halt 39 do shásra faoina bhféadfaidh duine gearán foirmiúil a dhéanamh in aghaidh sealbhóir ceadúnais. I gceithre chás, ní dheachaigh an gearánach ar aghaidh leis an gcás agus, i naoi gcás, níor sheas an tÚdarás leis an ngearán. Bhí cúig chás á bhfiosrú fós ag deireadh na bliana.

| Gníomh | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|
| Comhairle | 6 | 1 | 1 |
| Faichill | 5 | 5 | 8 |
| Rabhadh | 18 | 30 | 13 |
| Iomardú | 1 | 3 | 6 |
| Fionraí | 10 | 2 | 6 |
| Cúlghairm | 36 | 25 | 31 |
| Ionchúiseamh | 2 | 2 | 1 |

**Tábla 4 Achoimre ar Ghníomhartha Forfheidhmiúcháin a rinneadh sa bhliain 2020**



# Sprioc 3:

## Caighdeáin agus cáilíochtaí a ardú inár dtionscal.

In ionad a bheith ag déileáil le caighdeáin agus le nithe oiliúna, dhírigh ár nAonad Caighdeán agus Cáilíochtaí ar thacaíocht a thabhairt don tionscal slándála na treoirlínte ón Rialtas agus an chomhairle sláinte poiblí a thuiscint. Cuireadh sos ar an ngnáthobair ar fad ar feadh tréimhse de réir mar a dhéileáil an tAonad leis an líon mór ceisteanna a fuarthas ó shealbhóirí ceadúnais. Fuair an tAonad níos mó ná a thrí oiread ceisteanna idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh. Ba leis an bpaindéim a bhain breis agus 1,000 ceist.  Ba ghá na hamlínte atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach uainn a fhadú dá bharr sin. Fágfaidh sé sin go mbeidh moilleanna ann ar cheadúnú a thabhairt isteach i roinnt réimsí.

Cuireadh sos ar chúrsaí oiliúna agus ar iniúchtaí deimhniúcháin i mí an Mhárta. Cuireadh sos ar ár gcigireachtaí ar sholáthraithe oiliúna freisin. D’fhorbair roinnt soláthraithe oiliúna cúrsaí oiliúna ar líne, a ndearna an tÚdarás measúnú orthu ansin. Cé go bhfuil an fhormáid nua sin le haghaidh cúrsaí a sholáthar ag luathchéim go fóill, d’fhéadfadh sí roghanna nua a sholáthar d’oiliúnóirí, d’fhoghlaimeoirí agus don Údarás.

Leantar le feabhas a chur ar ár gcaidreamh leis na soláthraithe oiliúna, agus tairseach nua oiliúna á tabhairt isteach i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le faisnéis a bhailiú faoi chúrsaí, faoi rannpháirtithe agus faoi thorthaí cúrsa.

Cuireadh foilsiú an chaighdeáin theicniúil uainn le haghaidh Rialú Rochtana ar an méar fhada le linn don earnáil Slándála Leictreonaí cloí leis an dianghlasáil. Úsáideadh an t-am sin chun an doiciméad a athbhreithniú in aghaidh caighdeáin Eorpacha. Ag teacht sna sála ar chomhairliúcháin leis na comhlachtaí ionadaíocha do Ghlasadóirí agus ar chomhairliúchán poiblí, rinneamar athruithe ar an gcaighdeán le haghaidh Glasadóirí (PSA 55) chun aird a thabhairt ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn ó tugadh ceadúnú isteach san earnáil sin. Tá sé beartaithe an caighdeán athbhreithnithe a eisiúint le linn na bliana 2021.

Tugadh na ceanglais oiliúna le haghaidh fostaithe san earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha a cheadúnú chun críche agus tá ábhar an chúrsa á bhreithniú faoi láthair. Le linn na bliana 2021, fógrófar dáta le haghaidh ceadúnú a thabhairt isteach d’fhostaithe agus d’oibrithe san earnáil.

Soláthraíodh treoirlínte iniúchóireachta chun iniúchtaí cianda a éascú san earnáil Gardála Slándála agus san earnáil Faireacháin ar Aláraim/ar TCI. Lean an dá earnáil orthu ag oibriú le linn na dianghlasála. D’eisíomar treoirlínte le haghaidh sealbhóirí ceadúnais shealadaigh sna hearnálacha Slándála Leictreonaí a iniúchadh ionas go bhféadfadh siad ceadúnas iomlán a fháil. Ag druidim le deireadh na bliana, chuireamar tús le hobair chun sainchomhairleoirí slándála a cheadúnú, agus é mar aidhm againn an earnáil a cheadúnú sa bhliain 2021.

# Sprioc 4:

## Tairbhí ár dtionscail a chur chun cinn.

Leanamar le teagmháil a dhéanamh lenár sealbhóirí ceadúnais, le geallsealbhóirí tionscail, le cliaint na ngeallsealbhóirí tionscail agus leis an bpobal i gcoitinne sa bhliain 2020. Mar thoradh ar an bpaindéim, tháinig méadú ar an éileamh i measc ár sealbhóirí ceadúnais ar chumarsáidí tráthúla. Rinneamar ár seacht ndícheall freastal ar an éileamh sin. Rinneamar idirchaidreamh leis an Roinn Dlí agus Cirt chun a chinntiú go raibh na cumarsáidí uainn cruinn agus cothrom le dáta. Cé gurbh eol dúinn nach nglacfaí go maith leis an teachtaireacht uainn i ngach cás, bhí sláinte agus leas sealbhóirí ceadúnais agus an phobail ar an rud is tábhachtaí dúinn.

Leanadh lenár ngnáthchlár cumarsáide, ach ar leibhéal laghdaithe an babhta sin. Reáchtálamar roinnt feachtas faisnéise poiblí ar an raidió, i nuachtáin agus i sainirisí ceirde, ar lena linn a dhíríomar ár n-aird ar réimsí ar shainaithníomar go raibh gá le caidreamh iontu.

Le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt, thosaíomar ar shuíomh Gréasáin nua a fhorbairt, rud lena soláthrófar cainéal meán sóisialta dúinn. Seolfar an suíomh sin sa bhliain 2021. Is é an toradh a bheidh air go gcumasófar dúinn feasacht a mhéadú ar na tairbhí a ghabhann le tionscal slándála rialáilte agus ár dtionscal a chur chun cinn ar na meáin shóisialta.

D’fhoilsíomar cúig eagrán dár ríomhiris dar teideal “PSA Watch” le linn na bliana. Leanann an ríomhiris dá bheith ina modh éifeachtach le haghaidh faisnéis faoi imeachtaí tábhachtacha, an t-eolas is deireanaí agus fógraí suntasacha tionscail a thabhairt do pháirtithe leasmhara.

Sa bhliain 2020, d’fhoilsíomar Tuarascáil Taighde a chuir Amárach Research le chéile thar ceann an Údaráis. Bhí an Tuarascáil comhdhéanta de dhá shuirbhé. Díríodh sa chéad cheann ar ár gconraitheoirí ceadúnaithe agus ar an dearcadh a bhí acu i leith na rialála agus bhí sé mar aidhm leis an dara ceann tomhas a dhéanamh ar fheasacht an phobail ar an gceadúnú. Ba é a bhí i gceist leis an taighde ná ocht n-agallamh dhoimhne le conraitheoirí ceadúnaithe, suirbhé ríomhphoist ar 460 conraitheoir ceadúnaithe agus suirbhé painéil ar líne ar 1,043 dhuine den phobal. Bhí an tuarascáil sin, ar féidir í a fháil ar ár suíomh Gréasáin, ar an gcéad saothar gairmiúil taighde dá chineál riamh ón Údarás. Tá sí ina tagarmharc tábhachtach is féidir a úsáid chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt straitéise agus beartais. Is féidir í a úsáid mar bhonn do thuilleadh taighde sa todhchaí freisin.



# Sprioc 5:

## Tacú lenár bhfoireann agus feabhas a chur ar ár n-eagraíocht.

Tá ár mbaill foirne ar an láidreacht is mó atá againn agus léirigh siad an méid sin nuair a tháinig paindéim Covid-19 chun cinn i mí an Mhárta. D’fhreagair siad go tapa don timpeallacht shíorathraitheach agus chinntigh siad gur lean sinn lenár sainordú a chomhlíonadh. D’oiriúnaigh siad do chleachtais oibre nua agus lean siad le seirbhís ghairmiúil a sholáthar agus iad ag obair ón mbaile.

Ceann de na bunathruithe is mó a chonacthas inár n-eagraíocht ba ea tús tobann na cianoibre agus an riachtanas láithreach a bhí ann le gléasanna móibíleacha agus le troscán oifige. Ba ghá measúnú a dhéanamh ar gach ball foirne chun iad a chumasú obair go sábháilte agus go táirgiúil ón mbaile. Cuireadh Plean Freagartha Covid-19 i bhfeidhm, ar dá bhun a feistíodh foirgneamh an Údaráis i mBaile Thiobraid Árann chun ceanglais na comhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhféadfadh ár seirbhísí leanúint de bheith ag oibriú.

Ba é an toradh a bhí ar an timpeallacht oibre nua gur leagadh díriú méadaithe ar fholláine agus oiliúint foirne. Ghlac ár mbaill foirne páirt i raon gníomhaíochtaí oiliúna, seimineár agus imeachtaí folláine ar líne le linn na bliana. D’fhostaíomar oiliúnóir aireachais chun faisnéis a sholáthar faoi aireachas, faoi shíceolaíocht dhearfach, faoi bhainistíocht ama agus faoi fhéinchúram, ar nithe iad a raibh an-spéis ag baill foirne iontu. Leanfaimid le hinfheistiú i bhforbairt agus folláine ár mball foirne.


Le linn na bliana, mhéadaigh ár líon ball foirne ó 50 duine (CL1 a bhí cothrom le 45.82) go 52 dhuine (CL a bhí cothrom le 48.42) chun na riachtanais acmhainní atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach uainn a chomhlíonadh. Áiríodh leis sin cigire nua a cheapadh, a fhágann go bhfuil seisear cigirí againn anois.

## Cosaint Sonraí

Dhéileáil ár nOifigeach Cosanta Sonraí le seacht n-iarraidh ar rochtain d’ábhair sonraí agus le trí shárú sonraí íseal-leibhéil sa bhliain 2020. Ina theannta sin, fuaireamar 39 n-iarraidh ar fhaisnéis faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena húsáid chun “cionta coiriúla a chosc, a bhrath nó a imscrúdú nó ciontóirí a ghabháil nó a ionchúiseamh”.

Rinne an tOifigeach Cosanta Sonraí iniúchadh inmheánach ar ár nósanna imeachta cosanta sonraí agus d’eisigh sé treoir chuig baill foirne maidir lenár mbeartais cosanta sonraí freisin.

3 CL = Coibhéis lánaimseartha, rud ina gcuirtear san áireamh baill foirne a bhfuil patrúin dhifriúla chomhroinnte oibre acu.









# ÁR RÁITIS AIRGEADAIS

## Ráitis Airgeadais
## An tÚdarás Slándála Príobháidí
### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Leathanach 26 | Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird |
| Leathanach 32 | Ráiteas faoi Rialú Inmheánach |
| Leathanach 34 | Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim |
| Leathanach 35 | Ráiteas faoin Staid Airgeadais |
| Leathanach 36 | Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid |
| Leathanach 37 | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais |

# Ráiteas Rialachais Agus Tuarascáil Na Gcomhaltaí Boird

Cuireadh Bord an Údaráis Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017 ar feadh téarma ceithre bliana. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 de na hAchtanna.

Tá an Bord cuntasach don Aire Dlí agus Cirt agus bhí Comhaontú Formhaoirseachta don tréimhse 2020 go 2022 agus Comhaontú Soláthair Feidhmíochta don bhliain 2020 i bhfeidhm aige leis an Roinn Dlí agus Cirt. Sna comhaontuithe sin, sainítear an caidreamh idir an tÚdarás agus an Roinn agus leagtar amach na spriocanna agus na cuspóirí comhaontaithe don bhliain.

Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. D'fhoilsigh an Bord an Plean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2019 - 2021 i mí na Samhna 2018. Is ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Cloíonn an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus cinntíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair a dhéanann an Bord agus na freagrachtaí atá air leagtha amach sna hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí. Tá na comhaltaí Boird tiomanta dá chinntiú go ngníomhóidh siad de réir an dea-chleachtais rialachais. I dteannta an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ní mór do na comhaltaí Boird cloí leis na nithe seo a leanas freisin;

- Treoirlínte Rialachais Ginearálta,
- An Cód Iompair Ghnó,
- Eitic in Oifigí Poiblí,
- An Beartas um Nochtadh Cosanta,
- Na forálacha neamhnochta de na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.

Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna ar chlár oibre na gcruinnithe Boird:

- Dearbhú Leasanna,
- Miontuairiscí cruinnithe,
- Tuarascálacha coiste,
- Tuarascálacha airgeadais/Cuntais bhainistíochta,
- An Clár Rioscaí,
- An Plean Gnó Bliantúil agus an t-eolas is deireanaí ar an bPlean Straitéiseach.

Ag cruinnithe Boird, tugann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí go rialta ar nithe oibriúcháin, ar chur chun feidhme bheartas an Bhoird, ar nithe buiséadacha agus ar aon saincheisteanna ábhartha eile.

Ceanglaítear le halt 4 de Sceideal 1 a ghabhann leis na hAchtanna um Sheirbhísí Slándála Príobháidí ar an bPríomhfheidhmeannach, faoi stiúir ag an mBord, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead ar fad a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith. Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus, le linn dó déanamh amhlaidh, ní mór don Bhord:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comh-sheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Déantar é sin ag an gcruinniú Boird i mí Eanáir gach bliain.

Ní dhearnadh aon Mheastóireacht Boird ar Fheidhmíocht sa bhliain 2020. Ina ionad sin, dhírigh an Bord ar chur chun feidhme a dhéanamh ar na moltaí ón Meastóireacht Sheachtrach a rinneadh sa bhliain 2019.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go léirítear go cuí i ráitis airgeadais an Údaráis feidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag an 31 Nollaig 2020.



# Struchtúr an Bhoird

Rinne an tAire Dlí agus Cirt an bord reatha a cheapadh an 9 Samhain 2017. Is é seo a leanas an liosta de na comhaltaí Boird ag an 31 Nollaig 2020;

| | |
|---|---|
| **Noel Lappin** | Cathaoirleach |
| **Padraic Cafferty** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **Alan Durnan** | Ionadaí d'Fhostóirí |
| **John Garry** | Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt |
| **Sean Heading** | Ionadaí d'Fhostaithe |
| **Geraldine Kelly** | Ionadaí Dlíthiúil |
| **Eilish McCormack** | Ionadaí do Bhaill Foirne an Údaráis Slándála Príobháidí |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | Ionadaí don Gharda Síochána |
| **Richard O'Farrell** | Ceapaí Lánroghnach Neamhshainithe |
| **David Smith** | Ionadaí don Aire Oideachais agus Scileanna |
| **Christy Waters** | Ionadaí d'Fhostaithe |

Tháinig an Bord le chéile cúig huaire sa bhliain 2020. Ba trí fhíschomhdháil a tionóladh ceithre cinn de na cruinnithe sin. Achoimrítear an freastal ar na cruinnithe sin sa tábla thíos:

| AINM | 27/01/20 | 25/05/20 | 20/07/20 | 14/09/20 | 30/11/20 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Noel Lappin** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Padraic Cafferty** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **Alan Durnan** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **John Garry** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ |
| **Sean Heading** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **Geraldine Kelly** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Eilish McCormack** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **An Coimisinéir Cúnta John O'Driscoll** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |
| **Richard O'Farrell** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **David Smith** | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Christy Walters** | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ |

# An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2020 agus, ar ócáid amháin, bhuail sé le hIniúchóir Sinsearach ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (gan Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis a bheith i láthair). Is iad Geraldine Kelly (Cathaoirleach), John Garry, Alan Durnan agus Richard O'Farrell na comhaltaí den Choiste. Is é Pat Gooley an Rúnaí don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord ag gach cruinniú.

# Táillí Comhaltaí Boird

Íocadh táillí €58,140 le comhaltaí Boird sa bhliain 2020 (2019: €58,140), mar seo a leanas:

| Comhalta Boird | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Noel Lappin | 11,970.00 | 11,970.00 |
| Padraic Cafferty | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Alan Durnan | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Sean Heading | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Geraldine Kelly | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Richard O'Farrell | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Christy Waters | 7,695.00 | 7,695.00 |
| Eilish McCormack | | -- |
| David Smith | | -- |
| John O'Driscoll | | -- |
| John Garry | | -- |

**An nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód.

## Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad**

| Raon na Sochar Fostaithe Iomlán | | | Líon Fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | | Go | 2020 | 2019 |
| €60,000 | - | €69,999 | 3 | 3 |
| €70,000 | - | €79,999 | 1 | 2 |
| €80,000 | - | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | 0 | 0 |
| €100,000 | - | €110,000 | 1 | 1 |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Costais Chomhairleachta** | | | |
| - | Seirbhísí comhairleachta | **13,501** | **94,061** |
| - | Caidreamh poiblí/margaíocht | **119,948** | **223,807** |
| - | Eile | **20,915** | **30,399** |
| **Costais Dlí** | | | |
| - | Táillí dlí | **22,946** | **13,346** |
| - | Comhairle dlí | **11,809** | **11,471** |
| **Hospitality** | | | |
| - | Hospitality | **3,001** | **920** |
| **Caiteachas Taistil agus Cothaithe** | | | |
| - | Board Members Domestic Travel | **227** | **2,348** |
| - | Board Members International Travel | **Nil** | **Nil** |
| - | Employees Domestic Travel | **47,580** | **101,657** |
| - | Employees International Travel | **Nil** | **6,520** |
| **Tuarastal/Taisteal agus Cothú an Phríomhfheidhmeannaigh** | | | |
| - | Tuarastal | **103,126** | **101,498** |
| - | Taisteal/Cothú | **1,797** | **7,872** |

# Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun an Cód a chomhlíonadh. Leanfaidh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh agus tabharfaidh sé aird ar aon mhíreanna neamhchomhlíonta a sainaithneoidh na hiniúchóirí faoi seach iad as seo amach.

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 31 Bealtaine 2021

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 31 Bealtaine 2021



# RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

## Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Slándála Príobháidí (an tÚdarás) agus de réir cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (an “Cód”), ba mhaith liom a admháil go bhfuil freagracht ar an mBord as a chinntiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun agus a oibriú.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis, dá bhrí sin, ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt nach dtarlóidh caillteanas nó earráid. Forbraíodh an córas reatha rialuithe thar roinnt mhaith blianta agus cuireadh é faoi athbhreithniú leanúnach ag Bord an Údaráis. Ceapadh an Bord reatha i mí na Samhna 2017.

## Bainistíocht Riosca

Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird le chéile ceithre huaire sa bhliain 2020. Tá sé comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Bhord, a bhfuil saineolas airgeadais ag duine amháin díobh agus a bhfuil duine amháin eile díobh ar an gCathaoirleach. Gníomhaíonn comhalta den Choiste Feidhmiúcháin mar Rúnaí.

Soláthraíonn Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí don Údarás. Comhaontaítear an clár oibre idir an tAonad, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Feidhmiúcháin.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas bainistíochta riosca agus cuirtear tuarascáil riosca i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus de chuid an Bhoird.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. D’fhorbraíomar Ráiteas faoi Fhonn Riosca le linn na bliana 2020, rud lena gcabhrófar leis na bearta rialaithe atá i bhfeidhm cheana féin a neartú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus a athrú chun dáta (ag Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis), bíonn sé á bhreithniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bíonn sé á athbhreithniú ag Cruinnithe Boird an Údaráis. Úsáidtear an toradh ar na measúnuithe sin chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhainisteoirí sonracha as rialuithe a oibriú. Áirítear na nithe seo a leanas leis an timpeallacht rialaithe:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mBord agus ag an lucht ardbhainistíochta,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Déanann an lucht ardbhainistíochta faireachán ar gach próiseas rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a thuairisciú agus a phlé ag cruinnithe an lucht bainistíochta. Coinnítear an Bord ar an eolas faoi nithe ábhartha trí thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ag gach cruinniú Boird agus tríd an gClár Rioscaí. Tá foireann iniúchóireachta ag an bPríomhfheidhmeannach. Déanann an fhoireann sin seiceálacha tréimhsiúla ar gach gné den ghnó. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Soláthar

Sa bhliain 2020, chomhlíon an tÚdarás na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le soláthar agus chloígh sé le treoirlínte na Roinne Dlí agus Cirt i dtaca le sonraisc a íoc.

## Paindéim Covid-19

Ba as teacht phaindéim Covid-19 go luath sa bhliain 2020 a tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe, agus tosaíodh ar chianobair agus obair fhíorúil a dhéanamh mar ghnás san Údarás Slándála Príobháidí. Mar thoradh air sin, thug an tÚdarás roinnt athruithe nós imeachta agus rialaithe isteach. Ag gníomhú dó faoi chreat riosca agus rialaithe an Údaráis, rinne an lucht bainistíochta measúnú riosca iomlán ar thionchar phaindéim Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Deimhnímid gurb éifeachtach go fóill atá na rialuithe a bhí ann cheana agus na rialuithe a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19 araon.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Ceapadh Bord reatha an Údaráis i mí na Samhna 2017. Ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an gcéad chruinniú de chuid an Bhoird i mí na Nollag 2017. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2020 a chur i gcrích sa bhliain 2021.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2020 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 31 Bealtaine 2021

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 31 Bealtaine 2021

# RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € | € | € | € |
| **INCOME** | | | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | | **3,285,045** | | 3,324,885 |
| Táillí Ceadúnais | 3 | | **2,685,453** | | 3,288,779 |
| Cigireacht | 16 | | **800** | | 1,854 |
| | | | **5,971,298** | | 6,615,518 |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | 9 | | **74,782** | | (31,390) |
| | | | **6,046,080** | | **6,584,128** |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Costais Foirne | 4 | **2,488,897** | | 2,324,693 | |
| Riarachán | 5 | **864,308** | | 969,887 | |
| Caiteachas Iomlán | | **3,353,205** | | 3,294,580 | |
| Barrachas don bhliain roimh mhéideanna a cuireadh ar aghaidh | | | **2,692,875** | | 3,289,548 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt | 3 | | **(2,643,000)** | | (3,445,654) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | | **49,875** | | (156,106) |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh** | | | **52,588** | | 208,694 |
| **Barrachas ag an 31 Nollaig** | | | **102,463** | | 52,588 |

**Áirítear leis an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim na gnóthachain agus na caillteanais uile a aithníodh sa bhliain. Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 31 Bealtaine 2021

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 31 Bealtaine 2021

# RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2020

| | Nótaí | € | 2020 € | € | 2019 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealam | **6** | | **137,279** | | 212,061 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Méideanna infhaighte | **7** | **9,375** | | 9,385 | |
| Banc agus airgead | | **96,971** | | 54,225 | |
| Fardal | | **12,429** | | 5,290 | |
| | | | **118,775** | | 68,900 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Méideanna iníoctha | **8** | | **16,312** | | 16,312 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | | **102,463** | | 52,588 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | | **239,742** | | 264,649 |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | | | |
| **Cuntas Caipitil** | **9** | | **137,279** | | 212,061 |
| Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithe | | | **102,463** | | 52,588 |
| | | | **239,742** | | 264,649 |

**Tá an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach: Dáta: 31 Bealtaine 2021

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach: Dáta: 31 Bealtaine 2021


# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain | **49,875** | (156,106) |
| Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe | **81,356** | 59,052 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | **(74,782)** | 31,390 |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhardal | **(7,139)** | (135) |
| (Méadú)/Laghdú ar Mhéideanna Infhaighte | **10** | (174) |
| Méadú/(Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha | **-** | **700** |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **49,320** | (65,273) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | **(6,574)** | (90,442) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus ar choibhéisí airgid** | **42,746** | **(155,715)** |

**RÁITEAS FAOI ATHRUITHE I nGLANCHISTÍ**

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Glanchistí ag an 1 Eanáir | **54,225** | 209,940 |
| Glanchistí ag an 31 Nollaig | **96,971** | **54,225** |
| Méadú/(Laghdú) ar Airgead | **42,746** | **(155,715)** |

**Tá nótaí 1 go 17 mar chuid dhílis de na ráitis airgeadais seo.**

**An tUasal Paul Scallan**
Príomhfheidhmeannach:  Dáta: 31 Bealtaine 2021

**An tUasal Noel Lappin**
Cathaoirleach:  Dáta: 31 Bealtaine 2021

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

## 1. RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

### A. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Cuireadh an tÚdarás Slándála Príobháidí ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Tá a cheannoifig lonnaithe i mBaile Thiobraid Árann. Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an tÚdarás Slándála Príobháidí.

### B. BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt.

### C. TÁILLÍ CEADÚNAIS

Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam sa tréimhse ina bhfaightear iad. Déantar na táillí a bhailítear a chur ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt ar bhonn míosúil. Ní aithnítear dliteanas i leith aon táillí a fhaightear sa mhí dheireanach den bhliain chuntasaíochta agus a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn an bhliain ina dhiaidh sin.

### D. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

Taifeadtar deontais ón Oireachtas ar bhonn airgid a fhaightear. Is é atá i ndeontais ón Oireachtas ná cistí a thugtar don Údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt, áit a n-íocann an Roinn costais tuarastail agus riaracháin go díreach.

### E. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Léirítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais, nó de réir margadhluach measta, lúide dímheas carntha. Déantar sócmhainní seasta a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta dar tosach an mhí ina gcuirtear an tsócmhainn lena mbaineann i seirbhís.

| | |
|---|---|
| Troscán & feistis | 10% |
| Trealamh TF | 20% |
| Córas athnuachana ar líne | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |

## 2. OIREACHTAS GRANT

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Fo-Mhírcheann B16 de Vóta 24 – Dlí agus Ceart - le haghaidh pá agus costais riaracháin ghinearálta | 3,285,045 | 3,324,885 |

## 3. LICENCE FEES

Tá an timthriall ceadúnúcháin ina thimthriall dhá bhliain do chonraitheoirí agus ina thimthriall trí bliana do dhaoine aonair. Bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag conraitheoirí le hathnuachan i mbliain 1 agus bíonn formhór na gceadúnas atá ina seilbh ag daoine aonair le hathnuachan i mbliain 2 den timthriall 3 bliana. Cé gurb airde an líon iarratas a fhaightear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí, is ísle an t-ioncam táillí ceadúnais a ghnóthaítear ó dhaoine aonair ná ó chonraitheoirí. Dá bhrí sin, bíonn ioncam táillí an Údaráis ag luainiú ar aon dul leis an timthriall ceadúnúcháin.

### Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Táillí ceadúnais a fuarthas sa tréimhse roimhe a bhí le cur ar aghaidh i dtús na bliana | **54,088** | 209,881 |
| Muirir bhainc sa bhliain | **(631)** | (772) |
| Ioncam táillí ceadúnais sa bhliain | **2,685,453** | 3,288,779 |
| Ioncam Cigireachta | **800** | 1,854 |
| Méid a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt | **(2,643,000)** | **3,445,654** |
| Méid a bhí le cur ar aghaidh ag deireadh na bliana | **96,710** | **54,088** |

## 4. COSTAIS FOIRNE

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | **2,441,090** | 2,214,169 |
| Taisteal agus cothú - náisiúnta | **47,807** | 104,004 |
| Travel and subsistence - international | **0** | 6,520 |
| | **2,488,897** | 2,324,693 |

Bhí 52 bhall foirne fostaithe ag an Údarás ag an 31 Nollaig 2020 (2019: 50)

## 5. RIARACHÁN

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí comhairleachta | **13,501** | 94,061 |
| Comhairle dlí | **11,809** | 11,471 |
| Táille iniúchóireachta | **11,700** | 11,700 |
| Táille cuntasaíochta | **4,612** | 4,612 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | **119,948** | 223,807 |
| Eile | **20,915** | 30,399 |
| **Ginearálta** | | |
| Speansais oifige | **84,113** | 85,095 |
| Táillí chomhaltaí an Údaráis | **58,140** | 58,140 |
| Costais chumarsáide | **119,402** | 157,316 |
| Costais cheadúnúcháin | **67,084** | 68,013 |
| Dímheas | **81,356** | 59,052 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | **3,895** | 16,294 |
| Cigirí Seachtracha | **-** | 5,700 |
| Costais eile TF | **223,298** | 127,492 |
| **Costais Dlí** | | |
| Táillí dlí | **22,946** | 13,346 |
| **Fáilteachas** | | |
| Fáilteachas | **3,001** | 920 |
| **An Bord Achomhairc** | **18,588** | 2,469 |
| | **864,308** | 969,887 |

# 6. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Troscán & Feistis | Trealamh TF | Córas Athnuachana ar Líne | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **COSTAS** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 799 | 504,249 | 392,905 | 34,806 | 932,759 |
| Breiseanna | 0 | 6,574 | 0 | 0 | 6,574 |
| Diúscairtí | (799) | (767) | | (379) | (1,945) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **0** | **510,056** | **392,905** | **34,427** | **937,388** |
| **DÍMHEAS CARNTHA** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 799 | 504,097 | 184,818 | 30,984 | 720,698 |
| Muirear don bhliain | - | 1,319 | 80,037 | - | 81,356 |
| Diúscairtí | (799) | (767) | | (379) | (1,945) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **0** | **504,649** | **264,855** | **30,605** | **800,109** |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig** | **0** | **5,407** | **128,050** | **3,822** | **137,279** |
| **Ag an 1 Eanáir** | **0** | **152** | **208,087** | **3,822** | **212,061** |

## 7. MÉIDEANNA INFHAIGHTE

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | **9,375** | 9,385 |

## 8. MÉIDEANNA INÍOCHTA

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| áille iniúchóireachta | **11,700** | 11,700 |
| Táille cuntasaíochta | **4,612** | 4,612 |
| | **16,312** | **16,312** |

## 9. CUNTAS CAIPITIL

| | € | 2020 € | € | 2019 € |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | | **212,061** | | 180,671 |
| Breiseanna | **6,574** | | 90,442 | |
| Amúchadh | **(81,356)** | | (59,052) | |
| Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas | | **(74,782)** | | **31,390** |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | **137,279** | | **212,061** |

## 10. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt. Íocfar costais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus ní dhearnadh soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

## 11. AN BORD ACHOMHAIRC UM SHLÁNDÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Cuireadh an Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach ar bun chun achomhairc in aghaidh breitheanna ón Údarás a éisteacht agus a chinneadh. Cuimsíonn an Bord Achomhairc Cathaoirleach agus ceathrar comhaltaí. Is é an Rialtas a cheapann an Bord Achomhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a íocann na costais a thabhaíonn an Bord.

## 12. RANNÍOCAÍOCHTAÍ BREISE AOISLIÚNTAIS

Is ionann na costais tuarastail sa chuntas seo agus na hollchostais don Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais, de réir alt 4 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus coinnítear iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin. B'ionann é sin agus €66,810 sa bhliain 2020 (2019: €66,337).

## 13. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

De réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus ag fostaithe. Tá treoir maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird ar áireamh sna nósanna imeachta sin agus chloígh an Bord leo le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí iontu.

## 14. ACCOMMODATION NOTE

Oibríonn an tÚdarás amach as cóiríocht atá suite ar Shráid an Dáibhisigh, Baile Thiobraid Árann. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an chóiríocht sin ar fáil saor in aisce.

## 15. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain 2020 comhdhéanta de bhuntuarastal bliantúil €103,126 (2019: €101,498). Ina theannta sin, fuair an Príomhfheidhmeannach €1,797 i leith speansais taistil agus chothaithe sa bhliain 2020 (2019: €7,872), i gcomhréir le rátaí taistil agus cothaithe na Státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochta sa bhliain 2020.

## 16. TÁILLÍ CIGIREACHTA

Is é atá i dtáillí Cigireachta ná fíneálacha a ghearrtar i leith neamhchomhlíonadh na rialachán ón Údarás. B'ionann iad agus €800 sa bhliain 2020 (2019: €1,854). Taifeadtar táillí Cigireachta in ioncam táillí ceadúnais.

## 17. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an tÚdarás na cuntais seo an 31 Bealtaine 2021.

# Moltaí ó Thuarascáil an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus ó Thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (CAG) don bhliain 2020 agus Tuairimí an Lucht Bainistíochta ina leith, mar aon leis an stádas i dtaca leis na moltaí sin ag an 31 Nollaig 2020

| | Moladh | Tuairim an Lucht Bainistíochta | Stádas |
|---|---|---|---|
| **IAU1** | Moltar go dtabharfaí an rannán soláthair den lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais cothrom le dáta ar aon dul leis na tairseacha a cheanglaíonn an tAontas Eorpach. | Cuireadh an moladh chun feidhme sa bhliain 2020. | Tá an moladh seo dúnta |
| **IAU2** | Ba cheart don Údarás a chinntiú go gcoimeádtar go lárnach fianaise ar phróisis soláthair agus gurb ionann an caiteachas soláthair a fhógraítear mar chuid den phróiseas tairisceana agus meastachán cruinn ar luach foriomlán an chonartha. | Threisigh an tÚdarás lena nósanna imeachta soláthair de bhun an mholta. | Tá an moladh seo dúnta |
| **IAU3** | Ba cheart bileog achoimre aonair a choimeád do gach próiseas soláthair, rud ina dtugtar mionsonraí faoi amlínte agus faoi na breitheanna a tugadh. | Cuireadh an moladh chun feidhme sa bhliain 2020. | Tá an moladh seo dúnta |
| **IAU4** | Ba cheart don Údarás a chinntiú go gcoimeádtar admhálacha Taistil agus Cothaithe chun críocha iniúchóireachta. | Mheabhraigh an tÚdarás do gach ball foirne an gá atá ann le hadmhálacha a sholáthar chun tacú le héilimh chuig Aonad Gnóthaí Corparáideacha an Údaráis. | Tá an moladh seo dúnta |
| **IAU5** | Moltar go gcuirfeadh an tÚdarás Plean Leanúnachais Gnó atá cothrom le dáta i bhfeidhm. | Cuireadh Plean Leanúnachais Gnó an Údaráis i gcrích sa bhliain 2020. | Tá an moladh seo dúnta |
| **C&AG1** | Thaifead an tÚdarás ioncam €3.3 milliún ó tháillí ceadúnais sa bhliain 2019 (2018: €2.5 milliún). B’ionann an t-ioncam sin agus 50% den ioncam iomlán sa bhliain 2019 (48% sa bhliain 2018). Cuirtear an t-ioncam táillí ceadúnais ar aghaidh chuig an Roinn Dlí agus Cirt gach mí ina riaráiste. Tugadh faoi deara san iniúchadh nach réitíonn an líon iomlán ceadúnas a eisíodh leis an ioncam táillí ceadúnais. | Chuir an tÚdarás cás gnó faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt le haghaidh córas réitigh íocaíochtaí a fhorbairt. Diúltaíodh don chás gnó sin i mí na Nollag 2020. | Níl an moladh seo curtha i gcrích |









# Aguisíní

# Aguisín 1 - An Dualgas Earnála Poiblí

Ceanglaítear leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ar chomhlacht poiblí na nithe seo a leanas a dhéanamh, ag féachaint dá fheidhmeanna, dá chríoch agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó:

**Measúnacht a dhéanamh** - measúnacht a leagan amach sa phlean straitéiseach uaidh ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna agus críoch an chomhlachta;

**Aghaidh a thabhairt** - a leagan amach sa phlean straitéiseach uaidh cé na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

**Tuairisciú a dhéanamh** - tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach aige sa tuarascáil bhliantúil uaidh.

Sa bhliain 2020, d'fhorbair an tÚdarás an togra seo a leanas chun a chinntiú go gcomhlíonaimid alt 42 d'Acht 2014:

1. Measúnacht a dhéanamh ar ár bhfoireann agus ar an tionscal slándála sa bhliain 2021 chun sainaithint a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine do na daoine a oibríonn san Údarás agus sa tionscal. Is trí shuirbhé a dhéanfar an mheasúnacht ar an tionscal slándála.

   Aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine a shainaithneofar le linn na measúnachta. Forbrófar iad sin mar chuid dár bpróiseas pleanála straitéisí a bheidh le cur ar áireamh sa Phlean Straitéiseach nua.

2. An dul chun cinn a rinneadh ar aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir leis an ról atá againn sa tionscal slándála príobháidí a cheadúnú agus a rialáil a athbhreithniú agus a chur in iúl sa Tuarascáil Bhliantúil uainn.

Táimid tiomanta do ghabháil go gníomhach do shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine d'úsáideoirí seirbhíse agus do bhaill foirne. Is é an sprioc atá againn feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do shealbhóirí ceadúnais agus a chinntiú go mbímid ag caitheamh go cothrom neamhchlaon le daoine d'fhonn cur le luachanna na dínite, an neamh-idirdhealaithe, an chuimsithe agus an chleachtais chóir san Údarás.

Shainaithníomar cheana féin gur gá dúinn oiliúint a chur ar ár bhfoireann agus feasacht a mhéadú sa tionscal slándála mar chuid d'aon chlár a sheolfar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhionannas agus le cearta an duine

# Aguisín 2 - Tuarascálacha Staidrimh

| Tuarascáil 1 - An Líon Ceadúnas Daoine Aonair arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2020 de réir Contae agus Inscne | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Contae | Maoirseoirí Dorais | Gardaí Slándála | Airgead Tirim faoi Bhealach | CLF | Iomlán | Fir | Mná |
| Ceatharlach | 140 | 271 | 7 | 57 | **475** | 418 | 57 |
| An Cabhán | 140 | 291 | 5 | 20 | **456** | 411 | 45 |
| An Clár | 196 | 381 | 16 | 2 | **595** | 560 | 35 |
| Corcaigh | 1,085 | 2,116 | 16 | 45 | **3,262** | 2,876 | 386 |
| Dún na nGall | 256 | 287 | 0 | 0 | **543** | 484 | 59 |
| Baile Átha Cliath | 3,784 | 12,184 | 641 | 113 | **16,722** | 15,137 | 1,585 |
| Gaillimh | 706 | 984 | 16 | 13 | **1,719** | 1,557 | 162 |
| Ciarraí | 398 | 488 | 2 | 0 | **888** | 834 | 54 |
| Cill Dara | 1,009 | 1,356 | 61 | 36 | **2,462** | 2,304 | 158 |
| Cill Chainnigh | 127 | 235 | 2 | 7 | **371** | 347 | 24 |
| Laois | 237 | 464 | 23 | 9 | **733** | 663 | 70 |
| Liatroim | 86 | 97 | 2 | 3 | **188** | 166 | 22 |
| Luimneach | 508 | 1,116 | 98 | 6 | **1,728** | 1,666 | 62 |
| An Longfort | 151 | 299 | 3 | 0 | **453** | 421 | 32 |
| Lú | 379 | 785 | 20 | 1 | **1,185** | 1,124 | 61 |
| Maigh Eo | 244 | 329 | 3 | 0 | **576** | 534 | 42 |
| An Mhí | 374 | 921 | 46 | 4 | **1,345** | 1,229 | 116 |
| Muineachán | 129 | 173 | 0 | 0 | **302** | 274 | 28 |
| Uíbh Fhailí | 188 | 322 | 8 | 1 | **519** | 485 | 34 |
| Ros Comáin | 145 | 250 | 4 | 0 | **399** | 352 | 47 |
| Sligeach | 168 | 252 | 34 | 0 | **454** | 435 | 19 |
| Tiobraid Árann | 298 | 563 | 16 | 12 | **889** | 821 | 68 |
| Port Láirge | 358 | 561 | 30 | 2 | **951** | 901 | 50 |
| An Iarmhí | 261 | 525 | 9 | 3 | **798** | 764 | 34 |
| Loch Garman | 284 | 489 | 8 | 26 | **807** | 758 | 49 |
| Cill Mhantáin | 227 | 546 | 26 | 30 | **829** | 763 | 66 |
| Tuaisceart Éireann | 76 | 76 | 9 | 154 | **315** | 273 | 42 |
| An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éireann a áireamh) | 9 | 24 | 0 | 95 | **128** | 103 | 25 |
| Eile | 3 | 5 | 0 | 34 | **42** | 29 | 13 |
| Iomlán | **11,966** | **26,390** | **1,105** | **673** | **40,134** | **36,689** | **3,445** |
| % den Iomlán | **29.8%** | **65.8%** | **2.7%** | **1.7%** | **100%** | **91.4%** | **8.6%** |

**Eochair**

CLF – Ceadúnas Lárionad Faireacháin

# Aguisín 3 - Tuarascálacha Staidrimh

| Tuarascáil 2 - An Líon Ceadúnas Conraitheoirí arna nEisiúint ag an 31 Nollaig 2020 de réir Contae | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **County** | **MD(SI)** | **MD(ÁC)** | **G** | **IP** | **GS(FA)** | **GS(FTCI)** | **GS(SI)** | **GS(S)** | **S(SL)** | **ATB** | **Iomlán** |
| **Ceatharlach** | 0 | 1 | 5 | 0 | 1 | 1 | 0 | 3 | 19 | 0 | **30** |
| **An Cabhán** | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 0 | 1 | 18 | 0 | **23** |
| **An Clár** | 0 | 0 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 20 | 0 | **26** |
| **Corcaigh** | 3 | 3 | 21 | 9 | 4 | 4 | 3 | 12 | 98 | 0 | **157** |
| **Dún na nGall** | 0 | 0 | 5 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 | 15 | 0 | **23** |
| **Baile Átha Cliath** | 16 | 23 | 78 | 39 | 9 | 6 | 23 | 82 | 297 | 3 | **576** |
| **Gaillimh** | 0 | 2 | 9 | 2 | 1 | 1 | 1 | 7 | 47 | 0 | **70** |
| **Ciarraí** | 0 | 0 | 7 | 1 | 0 | 0 | 1 | 5 | 28 | 0 | **42** |
| **Cill Dara** | 3 | 4 | 15 | 8 | 1 | 1 | 3 | 10 | 64 | 0 | **109** |
| **Cill Chainnigh** | 1 | 1 | 5 | 0 | 0 | 0 | 1 | 4 | 20 | 0 | **32** |
| **Laois** | 1 | 1 | 2 | 2 | 0 | 0 | 1 | 2 | 14 | 0 | **23** |
| **Liatroim** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 6 | 0 | **6** |
| **Luimneach** | 0 | 0 | 3 | 2 | 1 | 1 | 0 | 4 | 44 | 0 | **55** |
| **An Longfort** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 11 | 0 | **14** |
| **Lú** | 2 | 1 | 6 | 0 | 0 | 0 | 1 | 5 | 32 | 0 | **47** |
| **Maigh Eo** | 0 | 0 | 5 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 14 | 0 | **23** |
| **An Mhí** | 1 | 3 | 12 | 2 | 0 | 0 | 1 | 7 | 48 | 0 | **74** |
| **Muineachán** | 1 | 2 | 2 | 1 | 0 | 0 | 1 | 2 | 17 | 0 | **26** |
| **Uíbh Fhailí** | 0 | 0 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 17 | 0 | **22** |
| **Ros Comáin** | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 10 | 0 | **12** |
| **Sligeach** | 0 | 0 | 4 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 | 9 | 0 | **16** |
| **Tiobraid Árann** | 1 | 1 | 4 | 3 | 1 | 1 | 2 | 7 | 38 | 0 | **58** |
| **Port Láirge** | 1 | 1 | 6 | 2 | 0 | 0 | 1 | 6 | 17 | 1 | **35** |
| **An Iarmhí** | 2 | 2 | 3 | 9 | 0 | 0 | 3 | 5 | 16 | 0 | **40** |
| **Loch Garman** | 1 | 1 | 9 | 1 | 1 | 1 | 2 | 4 | 28 | 0 | **48** |
| **Cill Mhantáin** | 0 | 1 | 7 | 5 | 1 | 1 | 0 | 5 | 43 | 0 | **63** |
| **Tuaisceart Éire-ann** | 2 | 1 | 4 | 5 | 6 | 6 | 4 | 4 | 39 | 0 | **71** |
| **An Bhreatain Mhór (gan Tuaisceart Éire-ann a áireamh)** | 1 | 0 | 1 | 6 | 9 | 7 | 1 | 2 | 12 | 0 | **39** |
| **Iomlán** | **36** | **48** | **224** | **107** | **36** | **31** | **49** | **184** | **1,041** | **4** | **1,760** |
| **% den Iomlán** | **2.0%** | **2.7%** | **12.7%** | **6.1%** | **2.0%** | **1.8%** | **2.8%** | **10.5%** | **59.2%** | **0.2%** | **100%** |

**Legend**

MD(SI) – Maoirseoir Dorais (Slándáil Imeachtaí)
MD(ÁC) – Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe)
G – Glasadóir
IP – Imscrúdaitheoir Príobháideach
GS(FA) – Garda Slándála (Faireachán ar Aláraim)
GS(FTCI) – Garda Slándála (Faireachán ar TCI)
GS(SI) – Garda Slándála (Slándáil Imeachtaí)
GS(S) – Garda Slándála (Socair)
S(SL) – Suiteálaí (Slándáil Leictreonach)
ATB – Airgead Tirim faoi Bhealach

## Aguisín 4 - Tuarascáil Fuinnimh

Is iad ola teasa agus leictreachas ár bpríomhfhoinsí úsáide fuinnimh go fóill. Is trí Chóras Bainistíochta Foirgnimh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhainistítear ár bhfóntais. Is é C2 an rátáil fuinnimh don fhoirgneamh, ar rátáil í atá os cionn an mheáin d'fhoirgnimh den sórt sin. Is é seo a leanas an úsáid fuinnimh don oifig sa bhliain 2020:

| Foirgneamh an Údaráis | |
|---|---|
| Foinsí nach Foinsí Leict-reacha iad | Foinsí Leictreacha |
| 57,541 kWh | **70,005 kWh** |

Tá na figiúirí sin cothrom le laghdú 30.7% ar úsáid fuinnimh i gcomparáid lenár bhfeidhmíocht sa bhliain 2019. Tháinig an laghdú sin as laghdú ar úsáid fuinnimh san oifig de bharr phaindéim Covid-19 agus as roinnt beart a chuir Foireann Fuinnimh an Údaráis chun feidhme:

- Córas nua Bainistíochta Foirgnimh a shuiteáil chun ár gcórais téimh agus uisce the a uathoibriú.
- Feasacht agus oiliúint foirne. A bhuí leis na comharthaí atá in airde ar fud an fhoirgnimh, meabhraítear do bhaill foirne leictreachas a chaomhnú agus bheith aireach ar a n-úsáid fuinnimh. Chuir ár gcomhairleoir fuinnimh oiliúint ar bhaill foirne chun feasacht agus caomhnú fuinnimh a mhéadú.

D'iarr an tÚdarás ar Oifig na nOibreacha Poiblí scrúdú a dhéanamh ar na tionscadail seo a leanas dár bhfoirgneamh sa bhliain 2020 freisin:

- Láthair na mbraiteoirí seomra a bhogadh chun go bhféadfaí teochtaí a thaifeadadh ar bhealach níos éifeachtúla.
- Soilse inmheánacha T5/2D a uasghrádú go LED.
- Insliú agus séalú fuinneog a mhéadú. Cuireadh na hoibreacha sin i gcrích ar roinnt fuinneog cheana féin.
- Spéirléasacha a chumhdach chun caillteanas teasa a ísliú. Tugadh difreálach teochta faoi deara ar fud na seomraí ar a bhfuil spéirléasacha.
- An coire ola a uasghrádú ina choire gáis/LPG.

Glacann an tÚdarás páirt i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun tuairisc a thabhairt ar a úsáid fuinnimh de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009 (I.R. Uimh. 542 de 2009).

# Teagmháil


## An tÚdarás Slándála Príobháidí

**Sráid an Dáibhisigh**
**Baile Thiobraid Árann**
**Co. Thiobraid Árann**
**E34 PY91**

**T: 062-32600**
**R: info@psa-gov.ie**
**W: www.psa-gov.ie**


### An Rannóg um Cheadúnú Conraitheoirí

**T:** 062-32606 062-32635
062-32614
062-32624
062-32627
062-32661

**R:** contractors@psa-gov.ie

### An Rannóg um Cheadúnú Daoine Aonair

**T:** 062-32600

**R:** licensing@psa-gov.ie

### An Rannóg Comhlíonta agus Cigireachta

**T:** 062-32628
062-32640

**R:** enforcement@psa-gov.ie

### An Rannóg Cáilíochtaí agus Caighdeán

**T:** 062-32636
062-32616
062-32659

**R:** **standards@psa-gov.ie**

### An Rannóg Gnóthaí Cor-paráideacha

**T:** 062-32622
062-32633

**R:** **info@psa-gov.ie**

**An tÚdarás Slándála Príobháidí**
**Sráid an Dáibhisigh**
**Baile Thiobraid Árann**
**Co. Thiobraid Árann**
**E34 PY91**

**T: 062-32600**
**R: info@psa-gov.ie**
**W: www.psa-gov.ie**

An tÚdarás Slándála Príobháidí
The Private Security Authority

Fitzpatrick Design and Print 062 51113